



An Rialálaí  
Carthanas  
Charities  
Regulator

# Nóta ginearálta ar cheanglais Dhlíthiúla agus Rialála 'eile'

### **Séanadh Dlíthiúil**

Tá an doiciméad seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú. Níl an doiciméad seo ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí. Ní thugtar aon chomhairle dlí ann ach oiread. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil ó fhoinse atá cáilithe go cuí. Molann an Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais a ndoiciméad rialaithe a léamh agus a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil nuair is gá. Ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le freagracht ná dliteanas ar bith as aon earráidí, mhíchruinneas nó easnaimh sa doiciméad seo.

# Nóta ginearálta ar cheanglais Dhlíthiúla agus Rialála 'eile'

## Réamhrá

---

Ní mór do gach carthanas cloí leis na ceanglais dhlíthiúla agus rialála a bhfuil feidhm acu maidir leis an obair a dhéanann siad. Tá freagracht ann ar iontaobhaithe carthanas a dhéanamh amach cé na dlíthe agus na ceanglais rialála a bhfuil feidhm acu maidir lena gcarthanas agus a chinntiú go gcomhlíonfaidh a gcarthanas iad.

Tá leas ginearálta ag an Rialálaí Carthanas i gcomhlíonadh a ndualgas ag iontaobhaithe carthanas a chur chun cinn i rialú agus bainistiú carthanas, ar dualgais iad a eascraíonn as alt 14(1)(b) den Acht Carthanas 2009. Pléitear sa doiciméad seo na ceanglais dhlíthiúla agus rialála áirithe nach rialálann an Rialálaí Carthanas iad go díreach. Níl sa doiciméad seo ach uirlis faisnéise agus níor cheart breathnú air mar léiriú dlíthiúil ar na dlíthe dá dtagraítear ann. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil a fháil. Ní thugtar liosta uileghabhálach ann den reachtaíocht is infheidhme agus is gá d'iontaobhaithe carthanas tuiscint a bheith acu ar na dlíthe agus na ceanglais rialála uile a bhfuil feidhm acu maidir lena gcarthanas. Más rud é go dtagann athrú ar na dlíthe a bhfuil feidhm acu maidir le carthanas nó go dtagann reachtaíocht nua agus ceanglais rialála nua i bhfeidhm, is féidir go mbeidh ar charthanas athruithe a dhéanamh ar a n-eagraíocht agus ar a cleachtais.

## Reachtaíocht agus Rialáil

---

### ■ An reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta

Is gá d'iontaobhaithe carthanas a bheith deimhin de go gcomhlíonann a gcarthanas an reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta. Tá dualgas ginearálta ar iontaobhaithe carthanas a chinntiú go bhfuil timpeallacht shláintiúil shábháilte ann d'fhostaithe agus d'oibrithe deonacha agus sláinte agus sábháilteacht na ndaoine sin a bhféadfadh go rachadh obair an charthanas i bhfeidhm orthu a chothabháil. Is féidir go n-áireofar leo sin tairbhíthe, úsáideoirí seirbhíse agus an pobal i gcoitinne. Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ag an nasc seo a leanas: [An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta](#).

### ■ **Sábháilteacht Bhia**

Má dhéanann carthanas bia a ullmhú nó a riar mar chuid dá ghníomhaíochtaí, beidh ar iontaobhaithe carthanas cloí le rialacháin sábháilteachta bia i gcónaí chun a chinntiú gur sábháilte atá an bia a riarann an carthanas. Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ag an nasc seo a leanas: [Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann](#).

### ■ **An Reachtaíocht Leanaí agus Daoine Soghonta**

I gcás carthanas a oibríonn le leanaí agus le daoine soghonta, is ann do roinnt píosaí reachtaíochta ar féidir go mbeidh ar iontaobhaithe carthanas iad a bhreithniú, lena n-áirítear:

- an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015;
- na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016; agus
- an tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012.

Mar iontaobhaí carthanas, ba cheart duit smaoineamh ar chineál do chuid oibre agus ar cé a idirghníomhaíonn le d'eagraíocht. Is féidir go mbeidh ar iontaobhaithe carthanas a bhreithniú freisin cé acu is gá nó nach gá don Gharda Síochána a gcuid oibríthe deonacha/fostaithe a ghrinnfhiosrú. Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ag an nasc seo a leanas: [Tús Áite do Leanaí](#) agus [an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin](#).

### ■ **An Díl Comhionannais**

Is gá d'iontaobhaithe carthanas a chinntiú nach ndéanfaidh siad idirdhealú in aghaidh daoine a idirghníomhaíonn lena gcarthanas. Áirítear leo sin úsáideoirí seirbhíse agus oibríthe deonacha/fostaithe. Is ann do naoi bhforas idirdhealúcháin, atá mar seo a leanas:

- Inscne;
- Stádas sibhialta;
- Stádas teaghlaigh;
- Claonadh gnéasach;
- Reiligiún;
- Aois;
- Míchumas;
- Cine;
- Ballraíocht den Lucht Siúil.

Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ag an nasc seo a leanas: **Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.**

#### ■ **An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014**

Tugadh an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014, isteach chun cosaint a thabhairt d'oibrithe a tharraingíonn ábhair imní anuas faoi éagóiritheoireacht fhéideartha san áit oibre. Tugtar an reachtaíocht sceithire ar an Acht sin ó am go chéile. Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ag an nasc seo a leanas: **An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.**

#### ■ **Cosaint Sonraí**

Is gá d'iontaobhaithe carthanais bheith ar an eolas faoi na hoibleagáidí atá orthu faoin dlí um chosaint sonraí agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí go háirithe. Baineann sé sin lena dhéanamh amach cé na sonraí pearsanta a choimeádann an carthanas agus cén fáth. Is féidir go mbeidh sé riachtanach athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a ndéantar sonraí pearsanta a fháil, a stóráil agus a bhaint. Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ag an nasc seo a leanas: **An Coimisiún um Chosaint Sonraí.**

#### ■ **An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015**

Má tá carthanas ag déanamh cumarsáid le hoifigigh phoiblí ainmnithe, e.g. TDanna agus Seanadóirí, ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcarthanas nó lena úsáideoirí seirbhíse, is féidir gur gá do na hiontaobhaithe carthanais clárú ar [www.lobbying.ie](http://www.lobbying.ie). Ar an suíomh Gréasáin sin, tá tástáil is féidir leat a dhéanamh chun a fháil amach cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil tú ag déanamh brústocaireachta agus gur gá duit clárú.

#### ■ **Na Coimisinéirí Ioncaim**

Má tá carthanas cláraithe leis an Rialálaí Carthanas, is féidir leis iarratas a dhéanamh ar Dhíolúine Charthanúil ó Cháin agus faoisimh chánach áirithe agus/nó sochair áirithe a éileamh.

Má tá fostaithe ag carthanas, beidh air Cáin Ioncaim a íoc faoin gcóras Íoc mar a Thuillir (ÍMAT). Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ag an nasc seo a leanas: **Na Coimisinéirí Ioncaim.**

### ■ An Dlí Fostaíochta

Má tá fostaithe ag carthanas, ní mór dó an dlí fostaíochta a chomhlíonadh, lena n-áirítear dlíthe a bhaineann le rochtain a thabhairt ar Chuntas Coigiltis Scoir Pearsanta. Tá sé tábhachtach cloí le gach oibleagáid i dtaca le fostaithe. Chun faisnéis phraiticiúil, doiciméid shamplacha agus teimpléid a fháil, féach [www.employerresources.ie](http://www.employerresources.ie), an **Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre** agus **an tÚdarás Pinsean**.

### ■ Acht na gCuideachtaí, 2014

Má tá carthanas ina chuideachta, amhail Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta, ní mór do na hiontaobhaithe carthanais Acht na gCuideachtaí, 2014, a chomhlíonadh. Áirítear leis sin na freagrachtaí dlíthiúla atá ar na Stiúrthóirí agus ar Rúnaí na Cuideachta. Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ag an nasc seo a leanas: **Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**.

### ■ An Clár Lárnach um Úinéireacht Thairbhiúil Cuideachtaí agus Cumann Tionscail agus Soláthair

I mí an Mhárta 2019, shínigh an tAire Airgeadais Ionstraim Reachtúil Uimh. 110 de 2019 ina dlí chun Clár Lárnach um Úinéireacht Thairbhiúil Cuideachtaí agus Cumann Tionscail agus Soláthair (an Clár um Úinéireacht Thairbhiúil) a bhunú. Ceapadh Cláraitheoir na gCuideachtaí mar Chláraitheoir um Úinéireacht Thairbhiúil Cuideachtaí agus Cumann Tionscail agus Soláthair le héifeacht ón 29 Iúil 2019.

Is é is an Clár um Úinéireacht Thairbhiúil ann ná an stór lárnach um fhaisnéis reachtúil a gceanglaítear ar eintitis ábhartha í a choimeád i dtaca leis na daoine nádúrtha atá ar na húinéirí/rialtitheoirí tairbhiúla orthu, lena n-áirítear sonraí faoi na leasanna tairbhiúla atá á sealbhú acu.

Is iad seo a leanas na heintitis ábhartha:

- cuideachtaí a cruthaíodh agus atá cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, nó cuideachta atá ann cheana de réir bhrí an Achta sin, agus
- cumainn tionscail agus choigiltis atá cláraithe faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Choigiltis, 1893 go 2018.

Is féidir sonraí úinéireachta tairbhiúla a chomhdú ar líne trí thairseach ar shuíomh Gréasáin an Chláir um Úinéireacht Thairbhiúil. Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ag an nasc seo a leanas: <https://rbo.gov.ie/>

## ■ An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Cé go bhfuil feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise maidir le comhlachtaí poiblí, tá sé tábhachtach a chuimhneamh gurb amhlaidh, in imthosca áirithe, go bhfuil comhlachtaí reachtúla a thugann deontais faoi réir iarrataí saorála faisnéise. Is féidir go mbeidh sonraí a bhaineann le do charthanas i gceist leis na hiarrataí sin. Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ag an nasc seo a leanas: [Saoráil Faisnéise](#).

## ■ Deontais agus Conarthaí

Tá sé tábhachtach na téarmaí agus na coinníollacha a ghabhann le deontais agus/nó le conarthaí a sheiceáil. Is féidir go mbeidh siad sin ina gceangal dlí. Cinn cé atá i dteideal comhaontuithe deontais agus conarthaí a shíniú agus déan deimhin de go gcomhlíonann tú na téarmaí agus na coinníollacha uile a ghabhann leo.

## Beartais

---

Is féidir go mbeidh ar iontaobhaithe carthanais beartais a fhorbairt a bhaineann le comhlíonadh na reachtaíochta agus na gceanglas rialála is infheidhme. Tá sé tábhachtach a chinntiú go dtuigfidh na daoine iomchuí sa charthanas cad atá i gceist leis na beartais agus conas ba cheart iad a chur chun feidhme. Mura bhfuil iontaobhaithe carthanais cinnte faoi cé na beartais atá le cur i bhfeidhm, is fiú an méid sin a sheiceáil le heagraíochtaí den chineál céanna. Cé gur áiseanna úsáideacha iad beartais shamplacha agus teimpléid, tá sé tábhachtach a chinntiú go mbeidh do bheartais oiriúnach do riachtanais shonracha do charthanais. Ba cheart duit do bheartais a chrostagairt freisin chun a chinntiú nach mbeidh siad ag teacht salach ar a chéile. Ba cheart beartais a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn tréimhsiúil, go háirithe tar éis athruithe a dhéanamh ar an reachtaíocht nó na ceanglais rialála is infheidhme maidir le do charthanas nó tar éis reachtaíocht nó ceanglais rialála nua a thabhairt isteach.

## Doiciméid Ábhartha Eile

---

Ba cheart an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis na treoirchoiciméid [‘Na Dualgais Dhlíthiúla atá ar Iontaobhaithe Carthanais’](#), [‘Dícheall Cuí ar Iontaobhaithe Carthanais Ionchasacha’](#), [‘Bainistíocht Riosca do Charthanais’](#), [‘Clár Rioscaí Teimpléadach’](#), [‘Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid agus Frithmhaoiniú Sceimhlitheoireachta do Charthanais’](#) agus [‘Treoir Cosanta d’Eagraíochtaí a oibríonn le Leanáí agus Daoine Soghonta’](#).